Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Feabhra 2019**
**(OR. en)**

**6578/19**

**CH 15**
**AELE 23**
**MI 175**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise, mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) iad ar an 19 Feabhra 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise**

1. I gcomhréir leis na conclúidí dá cuid ar an 28 Feabhra 2017 agus ar an 11 Nollaig 2018, tá measúnú déanta ag an gComhairle ar staid fhoriomlán an chaidrimh idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise. Faoi dheireadh 2020, déanfaidh an Chomhairle, de réir mar is iomchuí, staid an chaidrimh sin a mheas an athuair, chomh maith le staid an chaidrimh leis na tíortha eile in iarthar na hEorpa nach baill den Aontas iad.

2. Is comhghuaillithe lárnacha agus príomh-chomhpháirtithe eacnamaíocha iad an tAontas agus an Eilvéis. Tá leibhéal suntasach idirspleáchais eacnamaíochta idir an tAontas agus an Eilvéis, ó thaobh trádáil earraí agus seirbhísí agus ó thaobh na hinfheistíochta dírí de. Ag an am céanna, ní tairbhí frithpháirteacha eacnamaíocha agus trádála amháin a eascraíonn as ár gcomhar, ach tá raon leathan réimsí á gclúdach, lena n-áirítear ceartas agus gnóthaí baile chomh maith le taighde, oideachas agus iompar, ar nithe iad a théann go mór chun tairbhe don dá thaobh. D'éirigh an caidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis níos láidre arís le dhá bhliain anuas.

3. Is mór ag an gComhairle go bhfuil an tAontas agus an Eilvéis fós ag obair i gcomhar le chéile i ndáil le saincheisteanna idirnáisiúnta, go bhfuil comhordú á dhéanamh acu ar a seasaimh maidir le saincheisteanna leasa choitinn i bhfóraim iltaobhacha, i réimsí amhail an t-athrú aeráide a chomhrac agus cosaint an chomhshaoil, cearta an duine, an smacht reachta, an ceartas coiriúil idirnáisiúnta, comhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta, an daonlathas agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn nó an córas trádála iltaobhach a chaomhnú. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an dlúthchomhar i réimsí an chomhair um fhorbairt, na cabhrach daonnúla agus na cosanta sibhialta agus is díol sásaimh di gur síníodh socrú riaracháin, ar an 28 Aibreán 2017, idir an Coimisiún (ECHO), Gníomhaireacht na hEilvéise um Fhorbairt agus Comhar agus an Oifig Cónaidhme um Chosaint Shibhialta.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur síníodh comhaontú, ar an 23 Samhain 2017, idir an tAontas agus an Eilvéis maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh agus iarrann sí ar na páirtithe bailchríoch a chur ar na nósanna imeachta a éilítear le go dtiocfadh sé i bhfeidhm a luaithe is féidir. Tá an tAontas agus an Eilvéis ag léiriú a thiomanta atá siad na cuspóirí ar tugadh gealltanais ina leith faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach trí mhargadh carbóin níos leithne a chruthú i dteannta a chéile.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar leis an Eilvéis i dtaca le gnóthaí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála (CBES) agus go háirithe rannpháirtíocht na hEilvéise i misin an chomhbheartais slándála agus cosanta CBSC, e.g. san Úcráin agus sa tSaiheil, agus molann sí don Eilvéis an tacaíocht sin a neartú. Ina theannta sin, tugann an Chomhairle dá haire go dtacaíonn an Eilvéis go deonach leis na bearta sriantacha ón Aontas de réir an cháis faoi leith agus molann sí don Eilvéis na bearta sriantacha a chur i bhfeidhm go dlúth agus go comhsheasmhach agus bac a chur ar iad a shárú.

6. Aithníonn an Chomhairle le teann sásaimh an comhar idir an tAontas agus an Eilvéis i réimse na himirce idirnáisiúnta, lena n-áirítear bainistiú sreabh, athshocrú dídeanaithe agus forbairt rialachais ar an leibhéal domhanda. Molann sí don Eilvéis leanúint dá comhar ar bhealach na Meánmhara Thoir, na Meánmhara Láir agus na Meánmhara Thiar agus molann sí go ndéanfaí na hiarrachtaí a chomhordú a thuilleadh.

7. I gcomhthéacs a comhlachais le *acquis* Schengen agus Bhaile Átha Cliath, leanann an Eilvéis den *acquis* a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach. Go háirithe, is díol sásaimh don Chomhairle gur síníodh, ar an 8 Samhain 2018, an socrú idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise sa ghníomhaireacht Eorpach um bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF i réimse an cheartais, na saoirse agus na slándála, eu-LISA. Is díol sásaimh freisin don Chomhairle gur tugadh EURODAC agus Cinntí Prüm maidir le comhar póilíneachta feabhsaithe chun críche d'fhonn an sceimhlitheoireacht agus an choireacht idirnáisiúnta a chomhrac, agus is díol sásaimh di gur glacadh an comhaontú maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do theorainneacha seachtracha agus víosaí, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí in 2014-2020. Aithníonn an Chomhairle comhar cuiditheach agus dearfach na hEilvéise, go háirithe i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an Imirce.

8. Is chun tairbhe an dá thaobh an comhchaidreamh atá eadrainn agus is ar an dá thaobh, dá bhrí sin, a fhágtar an fhreagracht go mbeidh rath air agus go mairfidh sé go fadtéarmach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gurb ionann don Eilvéis a bheith páirteach i gcodanna de mhargadh inmheánach agus de bheartais an Aontais agus a bheith rannpháirteach ní hamháin i gcomhchaidreamh ach i gcomhlimistéar eacnamaíoch freisin, agus ní mór di glacadh le rialacha comhchoiteanna agus forfheidhmiú comhchoiteann mar gheall air sin. Ó 2008 i leith, sna conclúidí a ghlac sí i ndiaidh a chéile, chuir an Chomhairle i dtreis nach féidir tuilleadh feabhais a chur ar an gcóras de chomhaontuithe déthaobhacha atá ann faoi láthair de thairbhe chastacht agus neamhiomláine an chórais sin, agus de thairbhe nach gcruthaíonn sé coinníollacha aonfhoirmeacha do shaoránaigh agus gnólachtaí sna réimsí den mhargadh inmheánach ina mbíonn an Eilvéis páirteach.

9. I mí na Bealtaine 2014, chuaigh an tAontas agus an Eilvéis i mbun caibidlíochta le chéile maidir le comhchreat institiúideach do na comhaontuithe atá ann cheana agus do na cinn a bheidh ann amach anseo, d'fhonn cur chuige déthaobhach a chomhdhlúthú agus an chomhpháirtíocht chuimsitheach idir an tAontas agus an Eilvéis a fhorbairt go barr a cumais. Tugadh an chaibidlíocht sin chun críche ag deireadh 2018 i ndiaidh níos mó ná ceithre bliana. Tá na hidirghabhálaithe tagtha ar réitigh chóra chothroma i réimsí amhail na rialacha a bhaineann le glacadh dinimiciúil na hEilvéise le *acquis* an Aontais, an sásra um réiteach díospóidí neamhspleách agus na forálacha chun deimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe a áirithiú, mar aon le cothrom na Féinne dár saoránaigh agus oibreoirí eacnamaíocha. Is mór is oth leis an gComhairle nár fhormhuinigh Comhairle Cónaidhme na hEilvéise an toradh sin i mí na Nollag 2018 agus iarrann sí ar an gComhairle Cónaidhme seasamh le téacs an Chreat-Chomhaontaithe Institiúidigh a caibidlíodh agus é a chur faoi bhráid an Chomhthionóil Cónaidhme ach a gcríochnófar an comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara in earrach 2019. Cuireann an Chomhairle i bhfáth gur réamhchoinníoll don Aontas é an Creat-Chomhaontú Institiúideach a thabhairt i gcrích ar bhonn an téacs atá ann faoi láthair chun na comhaontuithe a bheidh ann amach anseo maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i margadh inmheánach an Aontais a thabhairt i gcrích agus cuireann sí i bhfáth gur gné riachtanach é freisin agus cinneadh á dhéanamh i dtaca le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le rochtain ar an margadh, rud a rachadh chun leas an dá thaobh. Leis sin, féadfar an cur chuige déthaobhach a chomhdhlúthú, ar bhealach lena n-áiritheofar a inbhuanaitheacht agus a fhorbairt bhreise.

10. Measann an Chomhairle gur colún bunúsach de bheartas an Aontais í saorghluaiseacht daoine agus nach féidir an margadh inmheánach agus na ceithre shaoirse dá chuid a scaradh ó chéile. I bhfianaise an mhéid sin, molann an Chomhairle an Eilvéis as na hiarrachtaí daingne a rinne sí chun toradh an tionscnaimh choitianta ar an 9 Feabhra dar teideal *Against Mass Migration* [I gCoinne na Mórimirce] a chur chun feidhme ar bhealach atá i gcomhréir le cearta shaoránaigh an Aontais faoin gComhaontú maidir le Saorghluaiseacht Daoine. Is díol sásaimh don Chomhairle gur dhearbhaigh an Eilvéis, i ndiaidh ghlacadh reachta cur chun feidhme an 8 Nollaig 2017, go mbeidh cuardaitheoirí poist arb as an Aontas nó as LEE dóibh in ann clárú le hionaid fostaíochta réigiúnacha. Is oth leis an gComhairle, áfach, an cinneadh a rinne an Eilvéis ar an 7 Nollaig 2018 na bearta idirthréimhseacha d'oibrithe as an gCróit agus d'oibrithe féinfhostaithe a shíneadh thar an tréimhse thosaigh dhá bhliain agus, dá réir sin, iarrann sí ar an Eilvéis breathnú ar thréimhse cur i bhfeidhm na mbeart idirthréimhseach sin a chiorrú.

11. D'iarr an Chomhairle ar an Eilvéis, sna conclúidí a ghlac sí i ndiaidh a chéile in 2012, 2014 agus 2017, a bheith páirteach sa chaibidlíocht faoi athnuachan na ranníocaíochta airgeadais leis an obair chun na héagsúlachtaí sóisialta agus eacnamaíocha laistigh den Aontas a laghdú, ar ranníocaíocht í is ceart a bheith coibhéiseach leis na tairbhí suntasacha a fhaigheann an Eilvéis mar gheall ar a rannpháirtíocht sa mhargadh inmheánach. I dtaca leis an méid sin, tugann an Chomhairle dá haire gur ghlac Comhairle Cónaidhme na hEilvéise ar an 28 Meán Fómhair 2018 an togra maidir leis an dara ranníocaíocht ón Eilvéis chuig an Aontas. Dlúthchuid den chaidreamh foriomlán idir an tAontas agus an Eilvéis is ea an dara ranníocaíocht sin, a dhéanfar a athnuachan ar an mbonn céanna leis an gceann a comhaontaíodh i Meabhrán Tuisceana 2006, agus beartaítear léi freisin na naisc pholaitiúla, eacnamaíocha agus chultúrtha idir an Eilvéis agus na Ballstáit a neartú a thuilleadh. Tá an Chomhairle ag súil go nglacfaidh Comhairle Cónaidhme na hEilvéise an togra sin gan mhoill gan choinníoll. Ina theannta sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé comhar comhordaithe a chothú sa réimse sin i gcomhréir le clársceidealú ilbhliantúil an Aontais.

12. Leanann an caidreamh trádála láidir cobhsaí idir an tAontas agus an Eilvéis ar aghaidh, chun leas an dá pháirtí. Ní dhearnadh coigeartú, áfach, ar chomhaontú saorthrádála 1972, ar bonn é leis an dlúthchaidreamh eacnamaíoch eadrainn, chun na forbairtí sna rialacha trádála idirnáisiúnta a chur san áireamh. Iarrann an Chomhairle, dá bhrí sin, go dtosófaí ar na comhaontuithe lena rialaítear an caidreamh trádála idir an Eilvéis agus an tAontas a nuachóiriú, an comhaontú saorthrádála go háirithe. Ba cheart aghaidh a thabhairt, mar ábhar práinne, ar rochtain fheabhsaithe a bheith ag oibreoirí ón Aontas ar mhargadh na hEilvéise, go háirithe in earnáil an agraibhia agus in earnáil na seirbhísí.

13. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur ábhar imní di cur chun feidhme neamhréireach comhaontuithe áirithe agus cur i bhfeidhm beart agus cleachtas reachtach dá éis a dhéanann an Eilvéis, ar bearta agus cleachtais iad nach bhfuil comhréireach leis na comhaontuithe sin, go háirithe leis an gComhaontú maidir le Saorghluaiseacht Daoine. I bhfianaise an mhéid sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an Eilvéis an *acquis* ábhartha de chuid an Aontais a ghlacadh, go háirithe i réimse na n-oibrithe ar postú, agus na bearta tionlacain, a chuireann an Eilvéis i bhfeidhm ar oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil seirbhísí á gcur ar fáil acu ar chríoch na hEilvéise, a chur ar ceal nó a leasú i gcomhréir le prionsabail an Aontais maidir le comhréireacht agus neamh-idirdhealú.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Eilvéis, ar an 1 Eanáir 2017, maidir le faisnéis cuntais airgeadais a mhalartú go huathoibríoch, agus na chéad mhalartuithe uathoibríocha idir an Eilvéis agus Ballstáit an Aontais a tharla i mí Mheán Fómhair 2018.

15. Is díol sásaimh don Chomhairle an plé oscailte leis an Eilvéis agus leanfaidh sí de bheith ag déanamh faireachán ar an dul chun cinn atáthar a dhéanamh i dtaca leis an athchóiriú atá beartaithe chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a shainaithin an Mheitheal um an gCód Iompair maidir le Cánachas Gnó. Is díol sásaimh di go háirithe gur ghlac Comhairle Cónaidhme na hEilvéise reachtaíocht ar an 28 Meán Fómhair 2018 lena n-ionadaítear, le tacar nua beart lena nglactar go hidirnáisiúnta, córais agus cleachtais chánach fhabhracha áirithe lena bhféadfaí dochar a dhéanamh don iomaíochas cánach, i gcomhréir le Ráiteas Comhpháirteach 2014 ó Bhallstáit an Aontais agus ón Eilvéis maidir le saincheisteanna faoin gcáin chuideachta. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí an t-athchóiriú a chur i ngníomh go pras.